Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6285/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0007(NLE)**

**TRANS 72**
**SOC 82**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach a bhaineann le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra maidir le haontachas na Mongóile do AETR a cheadú |

**CINNEADH (EU) 2026/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach a bhaineann le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra maidir le haontachas na Mongóile do AETR a cheadú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Eorpach a bhaineann le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR)[1] i bhfeidhm an 5 Eanáir 1976. Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an ábhar a chumhdaítear le AETR[2].

(2) De bhun Airteagal 14(1) AETR, cé is moite de Stáit nach bhfuil san Eoraip atá ina mbaill de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) cheana féin, níl AETR oscailte d'aontachas ach amháin do liosta iata de Stáit nach bhfuil san Eoraip, eadhon an Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, an Liobáin, Maracó agus an Túinéis. I gcás inar mian le Stát nach bhfuil san Eoraip nach ball den CEE-NA é agus nach bhfuil ar an liosta a leagtar amach in Airteagal 14(1) AETR aontú do AETR, ní mór dó Páirtí Conarthach a aimsiú atá toilteanach togra a chur isteach chun Airteagal 14(1) AETR a leasú, d'fhonn an Stát sin a áireamh ar an liosta sin.

(3) Is mian leis an Mongóil aontú do AETR. Tá comhaontuithe déthaobhacha ag an Mongóil faoi láthair le roinnt Ballstát den Aontas, chomh maith le roinnt Páirtithe Conarthacha AETR eile nach Ballstáit den Aontas iad. D'fhéadfadh tairbhí áirithe a bheith mar thoradh ar aontachas na Mongóile, lena n-áirítear rialacha níos comhchuibhithe maidir le hiompar idirnáisiúnta de bhóthar chuig an Mongóil agus uaithi. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é aontachas na Mongóile le AETR, agus is iomchuí, dá bhrí sin, go dtíolacfadh an tAontas togra chun AETR a leasú chun an cuspóir sin a bhaint amach.

---

1 IO L 95, 8.4.1978, lch. 1,ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1977/2829/oj.

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 31 Márta 1971, *an Coimisiún v an Chomhairle*, Cás C-22/70, ECLI:EU:C:1971:32, míreanna 30-31.

(4) De bhun Airteagal 21 AETR, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tograí le haghaidh leasuithe ar AETR a chur faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe (NA). Go hiondúil, sula gcuirtear na tograí faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, cuirtear síos iad, déantar scrúdú orthu agus formhuinítear iad i Meitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1) ar dtús. Bhunaigh CEE-NA Grúpa Saineolaithe um AETR faoi chuimsiú AETR. Is éard atá sa Ghrúpa sin comhlacht a bhfuil sé de chumhacht aige tograí chun an AETR a leasú a fhorbairt agus a chur faoi bhráid Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1). Ba cheart don Aontas a mholadh, ar bhonn an Chinnidh seo, go bpléifidh an Grúpa Saineolaithe CEE-NA um AETR, le linn na gcéad seisiún eile aige, agus Meitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1), le linn an 121ú seisiún atá beartaithe aige an 28 go 30 Deireadh Fómhair 2026, agus ag seisiúin ina dhiaidh sin, leasú ar AETR chun a cheadú don Mhongóil aontú do AETRl.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe CEE-NA um AETR, agus sa Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1), is iomchuí é a bhunú, ós rud é go mbeadh an togra le haghaidh leasú ar AETR a n-iarrfar orthu a fhorbairt agus a fhormhuiniú ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 21(6) AETR.

(6) Níor cheart do na Ballstáit agóid a dhéanamh i gcoinne fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe faoi Airteagal 21(1) AETR, maidir leis an leasú atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Mura mbeidh fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe teoranta don leasú atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, níor cheart do na Ballstáit agóid a dhéanamh i gcoinne an leasaithe sin atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(7) Tá seasamh an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe CEE-NA um AETR le cur in iúl ag an gCoimisiún, agus tá seasamh an Aontais sa Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1) le cur in iúl ag na Ballstáit agus iad ag gníomhú go comhpháirteach chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i seisiúin ina dhiaidh seo de Ghrúpa Saineolaithe CCE-NA um an gComhaontú Eorpach a bhaineann le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus i seisiúin ina dhiaidh seo den Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1) maidir le togra Airteagal 14(1) AETR a leasú chun cead a thabhairt don Mhongóil aontú do AETR, leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Cinneadh seo.

Féadfar athruithe foirmiúla agus mionathruithe ar an seasamh dá dtagraítear sa chéad mhír a chomhaontú gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Cuirfidh an Coimisiún an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl sa Ghrúpa Saineolaithe CEE-NA um AETR, agus cuirfidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, in iúl é i Meitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1).

*Airteagal 3*

I gcás inar fhormhuinigh Meitheal CCE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1) an leasú atá beartaithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirfidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe é, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) AETR.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit agóid i gcoinne fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe faoi Airteagal 21(1) AETR maidir leis an leasú atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*